Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2026
(OR. en)

14949/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0334(NLE)

AELE 96
FL 55
ISL 64
N 96
MI 1068
ENER 699

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	Dréacht-CHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/…
Ó CHOMHCHOISTE LEE

an …

lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/92/CE[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/1952, aisghairtear Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV agus XXI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 311, 17.11.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1952/oj.
2 IO L 298, 7.11.2008, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/92/oj.

Airteagal 1

Scriostar pointe 7 (Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE.

Airteagal 2

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 26 (Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32016 R 1952**: Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/92/CE (IO L 311, 17.11.2016, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) in Airteagal 9(2), cuirfear isteach na focail ', nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, laistigh de thrí mhí ó theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE an … [an Cinneadh seo]' i ndiaidh na bhfocal 'faoi mhí Lúnasa 2017'.

(b) díolmhófar an Íoslainn agus an Iorua ó tharchur na sonraí a cheanglaítear in Iarscríbhinn I.

(c) díolmhófar Lichtinstéin ó tharchur na sonraí praghais fuinnimh le haghaidh na mbandaí tomhaltais seo a leanas i gcás na gcustaiméirí neamhtheaghlaigh:

a. Le haghaidh leictreachais: IA, IB, ID, IE, IF agus IG.

b. Le haghaidh gás nádúrtha: I1, I2, I4 I5 agus I6.’

Airteagal 3

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1952 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán

Rúnaithe
Chomhchoiste LEE